Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Eanáir 2026
(OR. en)

16982/25
PV CONS 75
ENV 1412
CLIMA 613
*PARLNAT*

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

16 Nollaig 2025

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 16576/25.

Arna iarraidh sin don Spáinn, don Fhrainc agus don Ísiltír, chomhaontaigh an Chomhairle mír eile 'aon ghnó eile' a chur isteach i seisiún poiblí maidir le 'Glao ar athbhreithniú tráthúil ar an Treoir maidir le hearraí piriteicniúla (2013/29/AE)'.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 16614/25

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis maidir leis na míreanna sin san Aguisín.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. **Straitéis an Aontais i dtaobh an bhithgheilleagair** [F2] 16252/25
*Seisiún tuairimíochta*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle bunaithe ar an nóta a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

4. **Conclúidí maidir le Comhshaol na hEorpa 2030 – Eoraip níos ciorclaí agus níos athléimní ó thaobh na haeráide de a thógáil** [F2] 16447/25
*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a leagtar amach i dtoradh na n-imeachtaí (16856/25).

**<u>Aon ghnó eile</u>**

5. (a) **Tuarascálacha ar na príomhchruinnithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí:**

(i) **An 20ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES CoP20)** (Samarkand, an Úisbéiceastáin, an 24 Samhain go dtí an 5 Nollaig 2025) — 16410/1/25 REV 1
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

(b) **Tograí chun intuarthacht praghsanna a mhéadú agus tús áite a thabhairt d'ioncam CTA2** — 16694/25, 16105/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí.

(c) **Tionchar an tSásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha (SCCT) ar allmhairí leictreachais teicniúla neamhthráchtála ón Úcráin chuig Ballstáit an Aontais** — 16728/25
*Faisnéis ón bPolainn, le tacaíocht ón Eastóin agus ón Liotuáin*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil, le tacaíocht ón Eastóin agus ón Liotuáin.

(a) (ar lean) Tuarascálacha ar na príomhchruinnithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí:

(ii) An 30ú Comhdháil de chuid na bPáirtithe (COP 30) i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) (Belém, an Bhrasaíl, an 10 go dtí an 21 Samhain 2025) — 16310/25
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(d)** | **Simpliú: omnibus comhshaoil agus an tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn maidir le simpliú, cur chun feidhme agus forfheidhmiú**<br>*Faisnéis ón gCoimisiún* | ☒ | 16753/25<br>16754/25<br>16755/25 + ADD 1<br>16771/25<br>+ ADD 1-2<br>16773/25<br>16778/25<br>15718/25 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

(a) (ar lean) Tuarascálacha ar na príomhchruinnithe idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(iii)** | **An t-ochtú cruinniú de na Páirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (MOP 8)**<br>(an Ghinéiv, an Eilvéis, an 17 go dtí an 21 Samhain 2025) | ☒ | 16382/25 |
| **(iv)** | **An seachtú seisiún de Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEA-7)**<br>(Nairobi, an Chéinia, an 8 go dtí an 12 Nollaig 2025) | ☒ | 16402/25 |
| **(v)** | **An séú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Minamata maidir le Mearcair (COP 6)**<br>(an Ghinéiv, an Eilvéis, an 3 go dtí an 7 Samhain 2025) | ☒ | 16701/25 |
| **(vi)** | **An 37ú cruinniú de na Páirtithe i bPrótacal Montréal (MOP37)**<br>(Nairobi, an Chéinia, an 3 go dtí an 7 Samhain 2025) | ☒ | 16286/25 |

*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(e)** | **Géarghá le gníomhaíocht ar an leibhéal Eorpach maidir leis na héifeachtaí comhshaoil agus eacnamaíocha a bhaineann le fíor-mhearfhaisean**<br>*Faisnéis ón mBeilg, ón bhFrainc, ón Iodáil, ón Ostair, ón bPolainn, ón bPortaingéil, ón tSlóivéin agus ón bhFionlainn* | ☒ | 16784/1/25 REV 1 |

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg, an Fhrainc, an Iodáil, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an tSlóivéin agus an Fhionlainn, ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

**(f)** **Na contúirtí a bhaineann le ceallraí litiam agus an fhéidearthacht agus na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le córas taisce ceallraí uile-Aontais a thabhairt isteach** ☒ 16339/25
Faisnéis ón Ostair, le tacaíocht ón nGearmáin agus ón Liotuáin

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ostair ar fáil, le tacaíocht ón nGearmáin agus ón Liotuáin, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

**(g)** **Faireachas margaidh agus comhlíonadh táirgí i margadh an Aontais Eorpaigh a neartú** ☒ 16785/1/25 REV 1
*Faisnéis ón mBeilg, le tacaíocht ón bhFrainc, ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón bhFionlainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Bheilg ar fáil, le tacaíocht ón bhFrainc, ón bPolainn, ón bPortaingéil agus ón bhFionlainn.

**(h)** **Nuashonrú ar Dhul Chun Cinn Mhisin an Aontais maidir le Cathracha Aeráidneodracha Cliste agus maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide faoin gclár Fís Eorpach** ☒ 16130/25
*Faisnéis ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Coimisiún ar fáil.

**(i)** **Glao ar athbhreithniú tráthúil ar an Treoir maidir le hearraí piriteicniúla (2013/29/AE)** ☒ 16852/25
*Faisnéis ón Spáinn, ón bhFrainc agus ón Ísiltír*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Spáinn, an Fhrainc agus an Ísiltír ar fáil, chomh maith leis an idirghabháil ó thoscaireachtaí eile.

**(j)** Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón gCipir*

---

☒ Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)